# Aide-mémoire – an Éisteacht

## Meitheamh 2025

Is treoir phraiticiúil seachas uileghabhálach an doiciméad seo, a d'ullmhaigh Clárlann na Cúirte Ginearálta. Is cóir do na páirtithe, [1] do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Reacht) [2] chomh maith lena n-ionadaithe, [3] agus, i gcomhthéacs iarrataí ar réamhrialú, do na daoine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí sna príomhimeachtaí [4] ('daoine údaraithe'), breathnú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta ('Rialacha Nós Imeachta') agus ar na Rialacha Cleachtais maidir le Cur Chun Feidhme Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta ('Rialacha Cleachtais'), téacsanna barántúil, le haghaidh faisnéise iomlán maidir leis na rialacha nós imeachta i ndáil le reáchtáil éisteachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta.

Chun an léamh a dhéanamh níos éasca, úsáidtear an téarma 'ionadaí/ionadaithe' sa doiciméad seo gan tuilleadh sonraí chun tagairt a dhéanamh d'ionadaithe uile na bpáirtithe agus do na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, chomh maith leis na daoine údaraithe.

I gcás éisteacht le hateangaireacht chomhuaineach, iarrtar ar ionadaithe féachaint ar an doiciméad breise '**Comhairle do chainteoirí** os comhair na Cúirte ó Stiúrthóireacht na hAteangaireachta'.

I gcás éisteacht trí **fhíschomhdháil**, ní mór do na hionadaithe cloí leis na 'Ceanglais theicniúla agus moltaí praiticiúla d'ionadaithe atá ag glacadh páirt sa chuid ó bhéal de na

---

[1] Faoi Airteagal 1(2)(c) de na Rialacha Nós Imeachta, "ciallaíonn 'páirtí' agus 'páirtithe', mura sonraítear a mhalairt, aon pháirtí sna himeachtaí, idiragraithe san áireamh".

[2] Faoi Airteagal 1(2)(e) de na Rialacha Nós Imeachta, 'ciallaíonn "daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht" na páirtithe, na Stáit, na hinstitiúidí, na comhlachtaí, na hoifigí agus na gníomhaireachtaí dá n-údaraítear, de bhun an Airteagail sin, pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a thíolacadh i dtarchur chun réamhrialú'.

[3] Faoi Airteagal 1(2)(f) de na Rialacha Nós Imeachta, 'ciallaíonn "ionadaithe na bpáirtithe" na dlíodóirí agus na gníomhairí a fheidhmeoidh ar son na bpáirtithe os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir le hAirteagal 19 den Reacht, agus féadfaidh comhairleoir nó dlíodóir a bheith ag gníomhaire de chúnamh dó nuair is cuí sin'.

[4] I ndáil le hiarrataí ar réamhrialú, maidir le hionadaíocht agus láithreas na bpáirtithe sna príomhimeachtaí, cuireann an Chúirt Ghinearálta san áireamh na rialacha nós imeachta atá i bhfeidhm os comhair na cúirte a rinne an tarchur. I gcomhréir le hAirteagal 203(3) de na Rialacha Nós Imeachta, féadfar cead a thabhairt do na páirtithe sa díospóid sna príomhimeachtaí imeachtaí dlí a thionscnamh gan cúnamh dlíodóra nó féadfaidh duine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh orthu, seachas dlíodóir, ionadaíocht a dhéanamh orthu, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis na rialacha atá i bhfeidhm os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

h-imeachtaí trí fhíschomhdháil’, doiciméad arna ullmhú go comhpháirteach ag Clárlanna na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, Stiúrthóireacht na hAteangaireachta agus Stiúrthóireacht Teicneolaíochta Faisnéise Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Tá na doiciméid sin ar fáil ar https://curia.europa.eu faoi ‘An Chúirt Ghinearálta/Nós imeachta’.

## Roimh an éisteacht

1. **Féilire ginearálta na n-éisteachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta:** ar fáil ar https://curia.europa.eu faoi 'Féilire breithiúnach'.

2. **Fógra maidir le freastal ar an éisteacht:** gan dochar do chúinsí speisialta, tabharfaidh an Chlárlann fógra do pháirtithe chun freastal ar an éisteacht ar a laghad mí amháin roimh an éisteacht (tabhair faoi deara am na héisteachta). I gcás comh-éisteachta, sonrófar san fhógra na cásanna a ndéileálfar leo ag an éisteacht sin. [5]

3. **Iarratas ar áiseanna teicniúla a úsáid:** ní mór aon iarratas ar áiseanna teicniúla a úsáid chun cur i láthair a thabhairt a dhéanamh dhá sheachtain ar a laghad roimh dháta na héisteachta. [6]

4. **Áit na héisteachta:** bíonn éisteachtaí ar siúl i seomraí cúirte fhoirgnimh Thémis, Erasmus nó Thomas More. Ar dhul isteach do na páirtithe in áitreabh fáiltithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, deimhneoidh duine den fhoireann an seomra ina mbeidh an éisteacht.

5. **Rochtain ar fhoirgnimh:** ní mór do rannpháirtithe in éisteacht rochtain a fháil ar fhoirgnimh na hinstitiúide tríd an mbealach isteach ar Rue du Fort Niedergrünewald, L-2925 Lucsamburg. Tá léarscáil de na foirgnimh le fáil ar an suíomh gréasáin faoi 'An Institiúid/Teacht ar cuairt/Mapa rochtana'.

6. **Páirceáil**: Mar gheall ar chúiseanna slándála, ní féidir gluaisteáin na rannpháirtithe in éisteacht a pháirceáil i gcarrchlóis na hinstitiúide agus, dá bhrí sin, ní mór iad a pháirceáil lasmuigh den institiúid.

7. **Rochtain ar fhoirgnimh na Cúirte:** ní mór **doiciméad aitheantais** a thaispeáint don fhoireann slándála. I bhfianaise na mbeart slándála is infheidhme maidir le rochtain ar fhoirgnimh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, moltar go ndéanfadh na hionadaithe na socruithe is gá chun bheith i láthair sa seomra cúirte **20 nóiméad ar a laghad roimh thús na héisteachta**. [7]

8. Chun an t-eagrú is fearr don éisteacht a áirithiú, iarrtar ar na hionadaithe freisin an Chúirt a chur ar an eolas faoi aon **bhearta speisialta chun a rannpháirtíocht éifeachtach san éisteacht nó rannpháirtíocht éifeachtach rannpháirtithe eile san éisteacht a éascú**, go háirithe i gcás míchumais nó soghluaisteachta laghdaithe. [8]

---

[5] Airteagal 106a Rialacha Nós Imeachta; Pointe 201 de na Rialacha Cleachtais.

[6] Pointe 204 de na Rialacha Cleachtais.

[7] Pointe 205 de na Rialacha Cleachtais.

[8] Pointe 207 de na Rialacha Cleachtais.

9. **Teagmháil leis an gClárlann:** ní mór rabhadh a thabhairt don Chlárlann faoi aon mhoill nó aon deacracht a bhaineann le láithreacht ionadaí nó ionadaithe an pháirtí nó na ndaoine eile dár tugadh fógra chun freastal ar an éisteacht [teileafón: : (+352) 4303-1, r-phost: GC.Registry@curia.europa.eu]; ní mór a áirithiú freisin go bhfuil na **huimhreacha teileafóin cuí** ag an gClárlann chun go mbeidh sí in ann teagmháil a dhéanamh leis na hionadaithe nó leis na daoine atá i gceist.

**Caingne díreacha** [9]

10. **Tuarascáil achomair le haghaidh na héisteachta:** I gcás ina measann an Chúirt Ghinearálta nó an Breitheamh is Rapóirtéir gurb iomchuí sin, dréachtóidh an Breitheamh is Rapóirtéir tuarascáil achomair le haghaidh na héisteachta. I gcás comh-éisteachta, déanfar an tuarascáil achomair le haghaidh na héisteachta a dhréachtú ar leithligh le haghaidh gach ceann de na cásanna lena mbaineann nó go comhtháite le haghaidh na gcásanna sin go léir, ach amháin má chinneann an Chúirt Ghinearálta nó an Breitheamh is Rapóirtéir a mhalairt. Déanfaidh an Chlárlann an tuarascáil (nó na tuarascálacha) sin a sheirbheáil ar na páirtithe uile arna dtabhairt fógra chun teacht i láthair ag an éisteacht sin i dteangacha na gcásanna go léir lena mbaineann. Nuair a dhréachtaítear í, déanfaidh an Chúirt gach iarracht chun a chinntiú go bhfaighidh na páirtithe tuarascáil (nó tuarascálacha) achomair le haghaidh na héisteachta trí seachtaine roimh an éisteacht. [10]

11. Má iarrann an t-iarratasóir **maolú ar gcóras teanga** chun teanga a úsáid le linn na héisteachta seachas teanga an cháis, ní mór dó an t-iarratas sin a dhéanamh ar a laghad dhá sheachtain roimh dháta na h-éisteachta, chun dea-reáchtáil a chinntiú. [11]Ceadaítear do na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid agus iad ag idiragairt in imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta. [12]

12. **Páirt a ghlacadh san éisteacht:** mura féidir le hionadaí **freastal ar an éisteacht**, ní mór dó nó di é sin a chur in iúl don Chúirt Ghinearálta laistigh **de thréimhse ghearr tar éis an fhógra maidir le freastal ar an éisteacht**. [13]Mura mbeidh an t-ionadaí arna thoghairm go cuí i láthair ag an éisteacht agus mura mbeidh údar lena neamhláithreacht, reáchtálfar an éisteacht gan é. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bpáirtí costais neamhriachtanacha arna dtabhú ag an institiúid a aisíoc, go háirithe i ndáil le hateangaireacht. [14]

---

[9] Sainmhínítear an téarma 'caingne díreacha' in Airteagal 2(j) de na Rialacha Nós Imeachta mar 'na caingne go léir is féidir a thaisceadh sa Chúirt Ghinearálta, cé is moite d'iarrataí ar réamhrialú'.

[10] Pointí 210 agus 211 de na Rialacha Cleachtais

[11] Airteagal 45(1)(d) de na Rialacha Nós Imeachta; Pointe 215 de na Rialacha Cleachtais.

[12] Airteagal 46(4) de na Rialacha Nós Imeachta.

[13] Pointe 209 de na Rialacha Cleachtais.

[14] Airteagal 139(a) de na Rialacha Nós Imeachta.

**Cásanna Réamhrialaithe** [15]

13. Ceanglaítear ar na páirtithe leasmhara eile dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht labhairt i dteanga an cháis. [16] Más mian le hionadaí páirtí sna príomhimeachtaí **maolú a iarraidh ar an gcóras teanga** chun úsáid a bhaint, ag an éisteacht, as teanga nach teanga an cháis, ní mór an t-iarratas sin a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr ama tar éis an fógra a fháil maidir le freastal ar an éisteacht, chun an dea-reáchtáil a chinntiú. Féadfaidh an maolú a bheith páirteach agus baint a bheith aige go háirithe leis na freagraí ar aon cheisteanna a chuirtear ag an éisteacht. Sa chás sin, ní mór pléadáil tosaigh an ionadaí lena mbaineann agus an freagra críochnaitheach a sholáthar i dteanga an cháis. [17]

14. Ceadaítear do na Ballstáit a dteanga oifigiúil féin a úsáid agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí réamhrialaithe os comhair na Cúirte Ginearálta. [18] Ceadaítear do na Stáit is páirtithe i gComhaontú LEE, seachas Stáit ar Ballstáit iad, agus Údarás Faireacháin CSTE freisin, ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh a úsáid, nach teanga an cháis. [19] Iarrtar orthu an teanga a chur in iúl don Chlárlann roimh an éisteacht.

15. **Páirt a ghlacadh san éisteacht:** ní mór do pháirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht ar mian leo freastal ar an éisteacht a bhfuair siad fógra maidir le freastal ina leith an Chúirt Ghinearálta a chur ar an eolas faoi sin laistigh de thréimhse ghearr tar éis an fhógra, agus ainm an dlíodóra, an ghníomhaire nó an duine a dhéanfaidh ionadaíocht orthu ag an éisteacht agus an t-am labhartha is mian leis na hionadaithe sin a bheith acu á léiriú freisin; [20] luaitear, i gcás roinnt ionadaithe a bheith ag gníomhú thar ceann páirtí leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, ní fhéadfaidh ach beirt acu pléadáil i bprionsabal, ach féadfaidh ionadaithe seachas iad siúd a phléadáil freagraí ar cheisteanna ó na breithiúna agus freagraí críochnaitheacha a thabhairt, áfach. [21] Má tá páirtí leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht tar éis a rannpháirtíocht san éisteacht a dhearbhú, agus mura bhfuil údar lena neamhláithreacht, reáchtálfar an éisteacht gan é. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar

---

[15] Ciallaíonn 'cásanna réamhrialaithe' cásanna arna dtabhairt ag cúirteanna Bhallstáit an Aontais os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 267 CFAE a baineann le léiriú na gconarthaí nó bailíocht agus léiriú gníomhartha institiúidí, comhlachtaí nó oifigí an Aontais.

[16] Pointe 215 de na Rialacha Cleachtais.

[17] Pointe 218 de na Rialacha Cleachtais.

[18] Airteagal 46(4) de na Rialacha Nós Imeachta.

[19] Airteagal 46(5) de na Rialacha Nós Imeachta.

[20] Pointe 218 de na Rialacha Cleachtais.

[21] Pointe 229 de na Rialacha Cleachtais.

an bpáirtí leasmhar sin aon speansais neamhriachtanacha arna dtabhú ag an institiúid a aisíoc, go háirithe i gcás ateangaireachta. [22]

## Dul isteach sa seomra cúirte

16. **Bí ann 20 nóiméad ar a laghad** roimh thús na héisteachta. [23]

17. Déan teagmháil le huiséir na cúirte ionas gur féidir leis na daoine sin:
    - láithreacht a thaifeadadh;
    - a bheith ar an eolas faoi aon athrú ionadaí nó ionadaí breise agus cén t-ionadaí/ionadaithe a bheidh ag caint; [24]
    - a bheith ar an eolas faoi láithreacht aon duine in éineacht leis an ionadaí/na hionadaithe, más infheidhme.

18. Buaileann **na Breithiúna agus Cláraitheoir na hÉisteachta** leis na hionadaithe, in éadaí cúirte, 5 nó 10 nóiméad roimh thús na héisteachta (lean treoracha uiséir na cúirte). [25]Ní bhíonn aon chruinniú ann má dhéantar an éisteacht a reáchtáil ar fhíschomhdháil (leis na hionadaithe atá i láthair sa seomra cúirte ná leis na hionadaithe ó chian).

## Seoladh na héisteachta

19. Ní mór d'ionadaithe **argóintí ó bhéal a dhéanamh in éadaí cúirte, ina seasamh taobh thiar den léachtán atá ann chuige sin.** Iarrtar ar gach ionadaí a róbaí féin a thabhairt leo. Maidir leis na páirtithe sna príomhimeachtaí atá údaraithe imeachtaí dlí a thionscnamh gan cúnamh ó dhlíodóir, ní gá dóibh éadaí cúirte a chaitheamh. [26]

20. Suíomh an bhinse (radharc ó tháblaí na bpléadálacha go dtí an binse):
    - go dtí lár an bhinse: uachtarán an dlísheomra nó breitheamh aonair;
    - ar chlé agus ar dheis an bhinse: breithiúna fhoirmíocht na Cúirte ina suí in ord prótacail ar an dá thaobh d'Uachtarán an Dlísheomra;
    - ar chlé ar fad an bhinse: abhcóide ginearálta, más infheidhme;
    - ar dheis ar fad an bhinse: cláraitheoir na héisteachta.

---

[22] Airteagal 139(a) de na Rialacha Nós Imeachta.

[23] Pointe 205 de na Rialacha Cleachtais. Fágann sé sin gur féidir, go háirithe, na nithe a bhfuil tuairisc orthu i bpointí 16 agus 17 thíos a dhéanamh.

[24] Pointe 229 de na Rialacha Cleachtais.

[25] Pointe 206 de na Rialacha Cleachtais.

[26] Pointe 221 de na Rialacha Cleachtais.

21. Suíomh na dtáblaí agus tháblaí na pléadálacha (radharc ón bpobal i dtreo an bhinse):

- Tá na táblaí ar chlé agus ar dheis ar fad den seomra cúirte forchoimeádta don Chúirt Ghinearálta (suíonn uiséir na cúirte ar dheis ar fad sa seomra agus suíonn rúnaithe dlí an Bhreithimh is Rapóirtéir agus an Abhcóide Ghinearálta, más gá, ar an taobh clé ar fad).

**Caingne díreacha**

- tábla na bpléadálacha ar dheis: ionadaí an iarratasóra;
- tábla na bpléadálacha ar chlé: ionadaí an chosantóra;
- is iondúil go dtéann ionadaí an idiragraí taobh thiar d'ionadaí an pháirtí a ndéanann sé idirghabháil mar thaca leis (ag brath ar an seomra cúirte).

**Cásanna Réamhrialaithe**

Suífidh na hionadaithe gan bhac ag táblaí bpléadálacha.

22. Ní mór don duine atá ina sheasamh taobh thiar den léachtán an micreafón a úsáid i gcónaí.

23. Tá cosc iomlán ar rannpháirtithe san éisteacht agus ar an lucht féachana a bheidh ag freastal ar an éisteacht úsáid a bhaint as gléasanna lenar féidir taifeadtaí fuaime nó físe a dhéanamh den lucht féachana.

24. **Fóin phóca:** casfar fóin phóca agus gairis chumarsáide eile as nó cuirfear iad i mód 'eitleáin' (ní chuirfidh an mód 'ciúin' cosc ar chur isteach ar chórais a úsáidtear don ateangaireacht).

25. **Seoladh na héisteachta agus ord na n-idirghabhálacha** (ach amháin i gcásanna speisialta): [27]

**Caingne díreacha**

- dul isteach na mbreithiúna agus chláraitheoir na héisteachta sa seomra cúirte, arna fhógairt ag uiséir na héisteachta (seasann ionadaithe, daoine tionlacain agus an pobal);

---

[27] Féadfar aon choigeartuithe a dhéanamh ag brath ar ghnéithe áirithe an cháis/na gcásanna. Mar shampla, i gcás ina n-iarrtar ar roinnt páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht an argóint chéanna a chosaint os comhair na Cúirte Ginearálta, iarrtar ar a n-ionadaithe dul i gcomhairle lena chéile roimh an éisteacht, chun aon athrá ar argóint ó bhéal a sheachaint, agus féadfaidh Uachtarán an Dlísheomra, dá bhrí sin, cinneadh a dhéanamh an argóint ó bhéal a ghrúpáil le chéile de réir na hargóinte arna cur ar aghaidh ag na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht. Féadfar coigeartuithe a dhéanamh freisin i gcás cásanna uamtha nó i gcás ina n-eagraítear comh-éisteacht i roinnt cásanna réamhrialaithe (Airteagal 214 de na Rialacha Nós Imeachta).

- tógann breithiúna agus cláraitheoir na héisteachta a suíocháin ar an mbinse (féadfaidh ionadaithe, daoine tionlacain agus an pobal suí);
- cuireann Uachtarán an Dlísheomra tús leis an éisteacht;
- glaonn amach cláraitheoir na héisteachta an cháis/na gcásanna lena mbaineann
- pléadáil tosaigh ionadaí an iarratasóra;
- i gcás inarb iomchuí, aighneachtaí tosaigh ó ionadaí idiragraí chun tacú leis an iarratasóir;
- pléadáil tosaigh ionadaí an chosantóra;
- i gcás inarb iomchuí, aighneachtaí tosaigh ó ionadaí idiragraí chun tacú leis an gcosantóir;
- i gcás inarb iomchuí, freagraí ar cheisteanna ó bhreithiúna;
- freagra deiridh ionadaí an iarratasóra;
- i gcás inarb iomchuí, freagra deiridh ó ionadaí idiragraí chun tacú leis an iarratasóir;
- freagra críochnaitheach ionadaí an chosantóra;
- i gcás inarb iomchuí, freagra críochnaitheach ó ionadaí an idiragraí mar thaca leis an gcosantóir;
- dúnadh na héisteachta ag Uachtarán an Dlísheomra;
- fágann breithiúna agus cláraitheoir na héisteachta, agus uiséir na héisteachta rompu, an binse ar chúl sheomra na cúirte (seasann ionadaithe, daoine tionlacain agus an pobal go dtí go ndúnfar na doirse).

**Cásanna Réamhrialaithe**

- tagann na breithiúna, an tAbhcóide Ginearálta agus cláraitheoir na héisteachta isteach sa seomra cúirte, arna fhógairt ag uiséir na héisteachta (seasann ionadaithe, daoine tionlacain agus an pobal);
- suíonn na Breithiúna, Abhcóide Ginearálta agus cláraitheoir na héisteachta ar an mbinse (féadfaidh ionadaithe, daoine tionlacain agus an pobal suí);
- cuireann Uachtarán an Dlísheomra tús leis an éisteacht;
- glaonn amach cláraitheoir na héisteachta an cháis/na gcásanna lena mbaineann
- pléadáil tosaigh ó ionadaí/ionadaithe an iarratasóra sna príomhimeachtaí; i gcás ina bhfuil níos mó ná iarratasóir amháin ann, leanann ordú na bpléadálacha tosaigh, i bprionsabal, an t-ord ina gcuirtear na hiarratasóirí i láthair san iarraidh ar réamhrialú;

- pléadáil tosaigh ionadaí/ionadaithe an chosantóra sna príomhimeachtaí; i gcás ina bhfuil níos mó ná cosantóir amháin ann, leanann an t-ord ina ndéantar na haighneachtaí, i bprionsabal, an t-ord ina dtíolactar na cosantóirí san iarraidh ar réamhrialú;
- pléadáil tosaigh ó ionadaí/ionadaithe na mBallstát; i gcás ina bhfuil níos mó ná Ballstát amháin ann, pléifidh ionadaí/ionadaithe an Bhallstáit tionscnaimh an iarraidh ar réamhrialú ar dtús. Leanúint le haighneachtaí tosaigh ionadaí/ionadaithe na mBallstát eile, i bprionsabal, in ord prótacail;
- i gcás inarb iomchuí, aighneachtaí tosaigh ó ionadaí/ionadaithe na Stát is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, seachas na Ballstáit, agus ó Údarás Faireacháin CSTE;
- i gcás inarb iomchuí, pléadáil tosaigh ó ionadaí/ionadaithe tríú tíortha;
- pléadáil tosaigh ó ionadaí/ionadaithe na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí in ord prótacail;
- i gcás inarb iomchuí, freagraí ar cheisteanna ó na breithiúna agus, i gcás inarb iomchuí, ón Abhcóide Ginearálta;
- freagraí críochnaitheacha na n-ionadaithe, i bprionsabal, in ord na bpléadálacha tosaigh;
- dúnann Uachtarán an Dlísheomra an éisteacht;
- fágann na breithiúna, an tAbhcóide Ginearálta agus cláraitheoir na héisteachta, agus uiséir na héisteachta rompu, an binse ar chúl sheomra na cúirte (seasann ionadaithe, daoine údaraithe, daoine tionlacain agus an pobal go dtí go ndúnfar na doirse).

26. **Fad na bpléadálacha ó bhéal:** dá n-aitheasc tosaigh, ní féidir le hionadaithe dul thar an bhfad ceadaithe mar a shonraítear é sa litir fógra chun freastal ar an éisteacht a sheirbheálfaidh an Chlárlann. I bprionsabal, ceadófar 15 nóiméad do na príomhpháirtithe nó do na páirtithe leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht go léir (i gcásanna a bhaineann le maoin intleachtúil, tabharfar 15 nóiméad freisin do na páirtithe eile a cheadaítear dóibh idiragairt os comhair Bhoird Achomhairc EUIPO) agus beidh 10 nóiméad ag gach idiragraí i gcaingne díreacha; i gcomh-éisteacht nó in éisteacht le haghaidh cásanna uamtha, tabharfar 15 nóiméad do gach príomhpháirtí nó gach páirtí leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht le haghaidh gach cáis agus tabharfar 10 nóiméad do gach idiragraí le haghaidh gach cáis, ach amháin mar a sonraíonn an Chlárlann a mhalairt. [28]

27. **Doiciméid a thaisceadh i gcaingne díreacha:** más rud é, go heisceachtúil, go mbeartaíonn príomhpháirtí fianaise a thabhairt ar aird ag an éisteacht, is fearr go soláthródh sé fótachóipeanna leordhóthanacha do Bhreithiúna na

[28] Pointe 227 de na Rialacha Cleachtais.

foirmíochta, don Abhcóide Ginearálta, d'ionadaí na Clárlainne, do na páirtithe eile, d'ateangairí agus do Rúnaithe Dlí an Bhreithimh is Rapóirtéir agus an Abhcóide Ghinearálta. [29]

28. **Trealamh:** beidh an léachtán óna labhraíonn an t-ionadaí agus tábla na bpléadálacha feistithe le córas ateangaireachta comhuainí.

29. **Taifeadadh fuaime:** déanfar taifeadadh fuaime ar na díospóireachtaí. Féadfaidh Uachtarán na Cúirte Ginearálta, ar iarraidh chuí-réasúnaithe chuige sin, a údarú do pháirtí a ghlac páirt sa chuid i scríbhinn nó sa chuid ó bhéal de na himeachtaí, éisteacht, ar áitreabh na Cúirte, leis an taifeadadh fuaime den éisteacht sa teanga a d'úsáid na cainteoirí le linn na héisteachta sin. [30]

[29] Pointe 223 de na Rialacha Cleachtais.

[30] Airteagail 115 agus 224 de na Rialacha Nós Imeachta.